CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/257 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Feabhra 2021

chun tacú le Plean Gníomhaíochta Osló le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart don Aontas oibriú ionsar ardleibhéal comhair i ngach réimse den chaidreamh idirnáisiúnta, chun, *inter alia*, an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, i gcomhréir le cuspóirí agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

(2) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis Slándála na hEorpa inar sainaithníodh dúshláin agus bagairtí domhanda, agus inar iarradh ord idirnáisiúnta riailbhunaithe bunaithe ar iltaobhachas éifeachtach agus ar institiúidí idirnáisiúnta dea-fheidhmiúla.

(3) Tháinig an Coinbhinsiún maidir le toirmeasc ar Úsáid, Stoc-charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú ("an Coinbhinsiún") i bhfeidhm an 1 Márta 1999. Is é an t-aon ionstraim chuimsitheach idirnáisiúnta a thugann freagra cuimsitheach chun deireadh a chur leis an bhfulaingt agus leis an gcúisíocht mar gheall ar mhianaigh fhrithphearsanra, lena n-áirítear trí chosc ar a n-úsáid, a stoc-charnadh, a dtáirgeadh, a dtrádáil agus a n-aistriú agus a ndíothú a áirithiú, chomh maith le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh. Ón 1 Meitheamh 2013, tá na Ballstáit go léir ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún.

(4) An 23 Meitheamh 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/487/CBES ([1]) chun tacú le huiliú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin.

(5) An 3 Nollaig 2009, ag an dara Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún, ghlac na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún ("na Stáit is Páirtithe") Plean Gníomhaíochta Cartagena 2010-2014 maidir le huiliú agus cur chun feidhme gach gné den Choinbhinsiún. Ag an 10ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe in 2010, ghlac na Stáit is Páirtithe Treoir na Stát is Páirtithe san Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme, inar chomhaontaigh siad gur cheart d'Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin (ISU) comhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do Stáit is Páirtithe maidir le huiliú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, cumarsáid a éascú idir na Stáit is Páirtithe, agus cumarsáid agus comhroinnt faisnéise i ndáil leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn i measc Stáit nach páirtithe don Choinbhinsiúin iad agus an phobail araon. Ag an 14ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe a bhí acu in 2015, ghlac na Stáit is Páirtithe Cinneadh maidir le rialachas airgeadais agus trédhearcacht a neartú laistigh de ISU, ina leagtar amach na coinníollacha faoina rachaidh ISU i mbun gníomhaíochtaí nó tionscadail nach bhforáiltear dóibh ina bhuiséad bliantúil, lena n-áirítear ar a iarraidh sin ag Stáit is Páirtithe agus ag Stáit nach páirtithe don Choinbhinsiúin iad.

(6) An 13 Samhain 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/700/CBES ([2]) chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cartagena 2010-2014.

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/487/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 chun tacú le huiliú agus cur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú, faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa (IO L 165, 26.6.2008, lch. 41).

([2]) Cinneadh 2012/700/CBES ón gComhairle an 13 Samhain 2012 faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cartagena 2010-2014, arna ghlacadh ag na Stáit is Páirtithe i gCoinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú (IO L 314, 14.11.2012, lch. 40).

(7) An 27 Meitheamh 2014, ag an tríú Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún, ghlac na Stáit is Páirtithe Plean Gníomhaíochta Mhapútó 2014-2019 arb é ab aidhm dó dul chun cinn suntasach agus inbhuanaithe a dhéanamh ionsar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin le linn na tréimhse 2014-2019, agus rinne siad dearbhú comhpháirteach inar leag siad síos an uaillmhian atá acu maidir le spriocanna an Choinbhinsiúin a bhaint amach a mhéid is féidir faoi 2025.

(8) Sna conclúidí uaithi an 16 agus an 17 Meitheamh 2014 ag an tríú Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún, meabhraíodh do Chomhairle aontacht an Aontais maidir le cuspóirí an Choinbhinsiúin a shaothrú agus gur fada an tAontas agus a Bhallstáit ag tacú le mianaigh a imréiteach agus mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a scriosadh chomh maith le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh mianach frithphearsanra. Athdhearbhaíodh sna conclúidí sin go dtacaíonn an tAontas go diongbháilte leis na Stáit is Páirtithe agus an Coinbhinsiún á chur chun feidhme ina iomláine ar bhealach éifeachtach acu, agus go bhfuil sé tiomanta uiliú an Choinbhinsiúin a chur chun cinn, acmhainní a chur ar fáil chun gníomhaíocht a chistiú maidir le mianaigh agus cuidiú nithiúil inbhuanaithe a thabhairt d'íospartaigh na mianach frithphearsanra, dá dteaghlaigh agus dá bpobail.

(9) An 4 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1428 ([3]) mar thaca le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Mhapútó 2014-2019.

(10) An 25 Meitheamh 2019, ghlac Comhairle conclúidí maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú i bhfianaise an cheathrú Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún maidir le mianaigh fhrithphearsanra ón 25 go dtí an 29 Samhain 2019 in Osló. Mheas an Chomhairle, 20 bliain tar éis a theacht i bhfeidhm, go bhfuil rath ar an gCoinbhinsiún ó thaobh na taidhleoireachta dí-armála de agus gur sampla é dá seasann an tAontas, is é sin, ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, atá fréamhaithe san urraim do chearta an duine agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta. D'admhaigh an Chomhairle áfach nár baineadh amach cuspóirí an Choinbhinsiúin ina n-iomláine fós.

(11) Ag an gceathrú Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún, a tionóladh in Osló in 2019, ghlac na Stáit is Páirtithe Plean Gníomhaíochta Osló 2020-2024. Sonraítear i bPlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 na gníomhaíochtaí ba cheart do na Stáit is Páirtithe a dhéanamh le linn na tréimhse 2020 go 2024 chun tacú le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, ag cur leis an méid a baineadh amach sna pleananna gníomhaíochta a bhí ann roimhe seo. Mar chuid dá shainordú, tacaíonn ISU leis na Stáit is Páirtithe agus a gcuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún agus a ngealltanais faoi Phlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 á gcur chun feidhme acu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Chun rannchuidiú le slándáil an duine trí thacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 ("Plean Gníomhaíochta Osló 2020-2024") a ghlac na Stáit is Páirtithe ag an gceathrú Comhdháil Athbhreithnithe ar Choinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú ("an Coinbhinsiún"), faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa agus i gcomhréir le cinntí ábhartha an chomhphobail idirnáisiúnta, saothróidh an tAontas na cuspóirí seo a leanas:

(a) tacú le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe na gnéithe sin de Phlean Gníomhaíochta Osló a bhaineann leis an suirbhé agus le himréiteach agus le hoideachas agus laghdú riosca mianach a chur chun feidhme;

(b) tacú le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe na gnéithe sin de Phlean Gníomhaíochta Osló a bhaineann le cúnamh d'íospartaigh a chur chun feidhme;

(c) uiliú an Choinbhinsiúin agus noirm in aghaidh aon úsáid a chur chun cinn, stoc-charnadh. táirgeadh, agus aistriú mianach frithphearsanra agus a ndíothú;

([3]) Cinneadh (CBES) 2017/1428 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2017 chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Mhapútó le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú (IO L 204, 5.8.2017, lch. 101).

(d) tacú le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe a choinníonn mianaigh frithphearsanra chun críoch a cheadaítear trí chumais tuairiscithe a mhéadú, a áirithiú nach sáraíonn méid na mianaigh a choinnítear an t-íosmhéid atá fíor-riachtanach, agus féachaint ar roghanna eile seachas mianaigh fhrithphearsanra bheo chun críoch oiliúna agus taighde i gcás inarb indéanta;

(e) léiriú a dhéanamh ar thiomantas leanúnach an Aontais agus a Bhallstát don Choinbhinsiún agus ar a mheáite atá siad comhoibriú agus cabhrú leis na Stáit is Páirtithe sin a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun a ngealltanais faoin gCoinbhinsiúin, a chomhlíonadh agus príomhról an Aontais Eorpaigh a fheabhsú maidir le fís an Choinbhinsiúin a shaothrú, is é sin deireadh cinntitheach a chur leis an bhfulaingt agus leis na taismigh a bhíonn ann de thoradh ar mhianaigh fhrithphearsanra.

2. Saothrófar na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 ar bhealach ina dtreiseoidh siad traidisiún an Choinbhinsiúin, is é sin comhpháirtíocht agus comhoibriú idir na Stáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eile, lena n-áirítear ionadaithe ó na pobail a mbíonn tionchair ag mianaigh orthu. Déanfar cur chuige cuimsitheach a áirithiú ar gach leibhéal a ionchorprú sna gníomhaíochtaí go léir.

3. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, tacóidh an tAontas leis na tionscadail seo a leanas:

(a) tacaíocht d'Airteagal 5 den Choinbhinsiúin, do chomhar agus cúnamh idirnáisiúnta, agus do thrédhearcacht agus malartú faisnéise a chur chun feidhme;

(b) tacaíocht do chúnamh d'íospartaigh, do chomhar agus cúnamh idirnáisiúnta, agus do thrédhearcacht agus malartú faisnéise a chur chun feidhme;

(c) tacaíocht d'iarrachtaí maidir le huiliú agus do noirm an Choinbhinsiúin a chur chun cinn;

(d) tacaíocht do mhalartaí a thabhairt de rogha ar mhianaigh fhrithphearsanra bheo a úsáid le haghaidh oiliúna, agus do chomhar agus cúnamh a mhéadú;

(e) tiomantas an Aontais agus a Bhallstát a léiriú agus chun a n-infheictheacht a áirithiú, go háirithe trí mhionteagaisc bliaintiúil chun gníomhaíochtaí dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo agus na torthaí ar na gníomhaíochtaí sin a phoibliú trí ócáid chlabhsúir a eagrú agus ar an gcaoi sin rannchuidiú an Aontais do chur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chur i dtreis.

4. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá le déanamh chun na cuspóirí i mír 1 a bhaint amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Cuirfear cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de chúram ar ISU, arb é Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHD) a dhéanfaidh ionadaíocht air.

3. Cuirfidh ISU chun feidhme na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(3) faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le GICHD.

Airteagal 3

1. Is é EUR 2 658 139 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme.

2. Bainisteofar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid a leagtar síos i mír 1 i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoinítear leis an méid a leagtar amach i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú maoiniúcháin i gcrích le GICHD, ina leagfar síos go n-áiritheoidh ISU aithint agus infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh oiriúnach dá méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú airgeadais dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú airgeadais chun críche.

5. Cuirfidh ISU chun feidhme na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(3) i gcomhréir leis an gCinneadh maidir le rialachas airgeadais agus trédhearcacht a neartú sa ISU, a rinneadh ag an 14ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe in 2015. Cuirfidh ISU ar fáil, i dteannta tuairisciú eile, tuarascálacha tuairisciúla agus ráithiúla eile, mar aon le creat loighciúil agus maitrís ghníomhaíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 4

Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag ISU. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn leis an measúnú a dhéanfaidh an Chomhairle. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme an Chinnidh seo.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 48 mí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó 6 mhí tar éis dháta a ghlactha mura mbeidh aon chomhaontú maoiniúcháin tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

TIONSCADAIL MAR THACA LEIS AN BPLEAN GNÍOMHAÍOCHTA OSLÓ LE HAGHAIDH CHUR CHUN FEIDHME CHOINBHINSIÚN 1997 MAIDIR LE TOIRMEASC AR ÚSÁID, STOC-CHARNADH, TÁIRGEADH AGUS AISTRIÚ MIANACH FRITHPHEARSANRA AGUS MAIDIR LENA NDÍOTHÚ

Cúlra

Chun rannchuidiú le slándáil níos fearr don duine mar a beartaíodh trí Straitéis Slándála na hEorpa, trí ghlacadh le noirm agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú a chur chun cinn ("an Coinbhinsiún"). Leis an tionscadal seo, lena dtacaíonn an tAontas, thacófaí le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe chun gnéithe éagsúla de Phlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 (an "OAP"), mar a glacadh ag an gceathrú Comhdháil Athbhreithnithe i mí na Samhna 2019 é, a chur chun feidhme.

Leis an tionscadal atá beartaithe, chuirfí le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/487/CBES agus le Cinntí 2012/700/CBES agus (CBES) 2017/1428 ón gComhairle, rud a chuideodh leis na hullmhúcháin don chúigiú Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiúin in 2024.

Tionscadal 1: Tacaíocht d'imréiteach mianach (Airteagal 5 den Choinbhinsiún), comhar agus cúnamh idirnáisiúnta (Airteagal 6 den Choinbhinsiún), agus trédhearcacht agus malartú faisnéise (Airteagal 7 den Choinbhinsiún) a chur chun feidhme

1.1. Cuspóirí

— An acmhainneacht a mhéadú maidir le héilliú ó mhianaigh fhrithphearsanra a thuairisciú lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, éilliú de chineál seiftithe.

— Oideachas atá sonrach don chomhthéacs a chur ar fáil maidir leis na rioscaí a ghabhann le mianaigh agus iarrachtaí a dhéanamh chun na rioscaí sin a laghdú.

— Acmhainneachtaí náisiúnta inbhuanaithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar limistéir nárbh eol cheana mianaigh a bheith leagtha iontu.

— Idirphlé rialta le geallsealbhóirí a mhéadú.

— Féachaint ar dheiseanna comhair (idirnáisiúnta, réigiúnacha, triantánacha agus theas-theas) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann.

— An tuairisciú a dhéantar a fheabhsú i gcomhréir le OAP agus a tháscairí.

1.2. Tuairisc

Le hionchur ón gCoiste um Chur Chun Feidhme Airteagal 5 maidir le tíortha/réigiúin thairbhíocha a roghnú, reáchtálfaí suas le cúig imeacht náisiúnta/réigiúnacha i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip, san Áise Láir nó sna Áise Thoir Theas, i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh (MENA), i gCorn na hAfraice agus i réigiúin fho-Shaháracha.

In idirphléití na ngeallsealbhóirí náisiúnta nó réigiúnacha dhéanfaí iarracht an comhar agus an cúnamh a fheabhsú tuilleadh maidir le cur chun feidhme Ghníomhaíochtaí OAP a bhaineann le hAirteagail 5, 6 agus 7 den Choinbhinsiún. I gcásanna áirithe, chuirfí béim ar leith sna hidirphléití sin ar mhianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe a thuairisciú. Thabharfaí tús áite maidir le hidirphléití náisiúnta do Stáit a bhfuil spriocdhátaí ar na bacáin acu le haghaidh imréiteach mianach agus a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu. Ina theannta sin, d'fhéadfaí idirphléití a reáchtáil i stáit atá gar don imréiteach mianach (Airteagal 5 den Choinbhinsiún) a thabhairt chun críche nó a thug chun críche le déanaí é i gcomhréir le Gníomhaíocht 26 OAP.

Ag cur lenar baineadh amach san am a chuaigh thart, ar leibhéil dheartha bhainistithe agus chur chun feidhme na n-imeachtaí, d'fhéachfaí agus thabharfaí aird ar na riachtanais agus na dearcthaí éagsúla atá ag mná, cailíní, buachaillí agus fir i bpobail a bhfuil tionchar ag mianaigh orthu, agus ag comhpháirtithe i ngníomhaíochtaí maidir le mianaigh.

Dhéanfadh an tAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme (ISU) agus an Stát tairbhíoch is Páirtí mar aon leis an eagraíocht idir-rialtasach ábhartha ar comhpháirtí san imeacht í nó a mbeadh an t-imeacht á chomh-óstáil aici na hidirphléití a eagrú agus a chomhéascú.

De mheon an chomhair ba dhlúth agus inneach don Choinbhinsiún, bheadh eintitis ábhartha de chuid an Aontais, Ballstáit ábhartha, an Coiste um Chur Chun Feidhme Airteagal 5 agus an Coiste um Fheabhsú Comhair agus Cúnaimh, ionadaithe deontóirí, gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um imréiteach mianach, an Feachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc ("ICBL") agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach. Dá n-éireodh urraíocht as an rannpháirtíocht sin, bheadh an rannpháirtíocht sin faoi réir na gcoinníollacha a bheadh le forbairt sa ráiteas tionchair bhuiséadaigh.

Féadfar dul i mbun gníomhaíochtaí leantacha arna dtacú ag ISU mar fhreagairt ar mholtaí ar toradh iad ar na hidirphléití nó a eascraíonn as barúlacha an Choiste ábhartha agus/nó as cinneadh ábhartha na Stát is Páirtithe (e.g. cinntí maidir le hiarrataí ar shíneadh). Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina mbeadh na Ballstáit is tairbhithe rannpháirteach i gcomhghuaillíochtaí idir tíortha nó i gcomhpháirtíochtaí leis an Aontas nó leis na Ballstáit, d'oibreodh ISU ar dhóigh chomhbheartaithe leis an Eintiteas nó leis an mBallstát sin.

1.3. Torthaí

— Faigheann ionadaithe stáit tuilleadh eolais ar an gcaoi le cur chun feidhme OAP a áirithiú trí bhíthin comhairliúcháin chuimsitheacha le baill de na pobail a ndéantar difear dóibh.

— Bíonn ionadaithe stáit feasach ar an ngá atá le hacmhainneachtaí náisiúnta a bhunú, a luaithe is féidir agus i bhfad sula gcríochnaítear iad, chun aghaidh a thabhairt ar limistéir nua ina bhfuil mianaigh leagtha nó limistéir inar leagadh mianaigh cheana ach nach rabhthas ar an eolas fúthu.

— Déanann ionadaithe stáit acmhainneachtaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar thuairisciú OAP faoin treoir tuairisciúcháin.

— Foghlaimíonn ionadaithe stáit faoin gcomhar agus faoin gcúnamh atá ar fáil chun tacú lena n-iarrachtaí cur chun feidhme, mar aon leis na céimeanna is féidir leo a thabhairt chun comhar agus cúnamh den sórt sin a spreagadh, lena n-áirítear trí ardáin náisiúnta gníomhaíochtaí um mianaigh a bhunú.

— Foghlaimíonn ionadaithe stáit faoi dhúshláin agus faoi bhearnaí i ndáil le cur chun feidhme a dtiomantas faoi OAP agus déanann siad meastóireacht, go háirithe, ar a seasamh i ndáil le táscairí OAP.

— Bunaithe ar na hIdirphléití, breithníonn ionadaithe stáit an t-athbhreithniú, an nuashonrú nó an fhorbairt ar straitéisí nó pleananna náisiúnta um imréiteach mianach.

— Cuirtear peirspictíochtaí éagsúla na mban, na gcáilíní, na mbuachaillí agus na bhfear mar aon le riachtanais mharthanóirí na mianaigh agus na bpobal atá buailte san áireamh agus áirithítear a rannpháirtíocht fhóinteach.

1.4. Tairbhithe

— Mná, cailíní, buachaillí agus fir a mbíonn tionchar ar a saol toisc mianaigh fhrithphearsanra a bheith i láthair, nó amhras a bheith ann go bhfuil siad i láthair, i Stáit is Páirtithe atá i mbun oibleagáidí Airteagal 5 faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme, nó a bhfuil na hoibleagáidí sin comhlíonta acu le déanaí.

— Ionadaithe Stáit a bhíonn ag obair ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, agus go háirithe ar ghnéithe a bhaineann le himréiteach mianach, agus le hoideachas maidir leis an riosca ó mhianaigh agus le laghdú an riosca sin.

Tionscadal 2: Tacú le cúnamh d'íospartaigh, comhar agus cúnamh idirnáisiúnta (Airteagal 6 den Choinbhinsiún) agus trédhearcacht agus malartú faisnéise (Airteagal 7 den Choinbhinsiún) a chur chun feidhme

2.1. Cuspóirí

Cuirfidh Stáit is Páirtithe cúnamh d'íospartaigh ("CI") chun feidhme mar chuid de chur chuige níos leithne i leith cearta daoine faoi mhíchumas agus i leith na forbartha agus inscne agus riachtanais éagsúla marthanóirí mianach á gcur san áireamh, lena n-áirítear riachtanais na marthanóirí mianiagh i gceantair thuaithe agus iargúlta.

2.2. Tuairisc

Trí Phlean Gníomhaíochta Osló a ghlacadh, d'athdhearbhaigh na Stáit is Páirtithe a dtiomantas "rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus éifeachtach íospartach mianach sa tsochaí a áirithiú, bunaithe ar urraim do chearta an duine, do chomhionannas inscne, don chuimsiú agus don neamh-idirdhealú".

A bhuí le tacaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil trí Chinneadh (CBES) 2017/1428, agus mar obair leantach ar an gcomhdháil dhomhanda dá dtagraítear i gCinneadh 2012/700/CBES, tháinig cleachtóirí ar son CI agus ar son cearta daoine faoi mhíchumas, ó Stáit is Páirtithe agus stáit nach páirtithe iad, le chéile le líon suntasach marthanóirí ag comhdháil dhomhanda chun comhpháirtíochtaí a bhuanú leosan atá ag obair ar son cearta daoine faoi mhíchumas ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Baineadh é sin amach a bhuí le rannpháirtíocht aireachtaí náisiúnta ábhartha, agus le saineolas ollmhór a chuir Toscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Míchumas agus Inrochtaineacht, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC) agus saineagraíochtaí ar comhaltaí iad den Fheachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc (ICBL) ar nós Humanity and Inclusion (HI), i measc eagraíochtaí eile, ar fáil.

Ag cur leis an méid sin, thacódh an tionscadal seo le tríú comhdháil dhomhanda, ina mbeadh cleachtóirí i réimse an chúnaimh d'íospartaigh, a bhfuil taithí acu, Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe um Míchumas agus Inrochtaineacht, agus Comhalta de Choiste an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme OAP agus chun rannchuidiú le plean gníomhaíochta nua a bheidh le glacadh ag an gcomhphobal idirnáisiúnta in 2024. Thionólfaí an chomhdháil sin bliain ar a laghad roimh an gCúigiú Comhdháil Athbhreithnithe le rannpháirtíocht agus le hionchur Uachtarán Ainmní na Comhdhála Athbhreithnithe.

Le hionchur ón gCoiste um Chúnamh d'Íospartaigh maidir le tíortha/réigiúin thairbhíocha a roghnú, chuirfí tacaíocht ón tionscadal ar fáil do Stáit is Páirtithe trí idirphléití náisiúnta agus/nó réigiúnacha idir geallsealbhóirí, le suas le cúig imeacht a reáchtálfaí i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip, san Áise Láir nó sna Áise Thoir Theas, sa réigiún MENA, i gCorn na hAfraice agus i réigiúin fho-Shaháracha. Dhéanfaí iarracht leis na hidirphléití tacú le Stáit is Páirtithe a n-iarrachtaí il-earnála a neartú chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an chúnaimh d'íospartaigh i gcomhréir le forálacha ábhartha CRPD. Dhéanfaí iarracht leis na hidirphléití cuimsiú agus rannpháirtíocht éifeachtach na n-íospartach mianach agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha a neartú agus a áirithiú i bpléití maidir le hacmhainní a shlógadh agus a chinntiú agus seirbhísí a ráthú ó thaobh cearta de. Chun na naisc sin a neartú tuilleadh agus plean comhtháite a choinneáil chun acmhainneachtaí náisiúnta a thógáil agus a fhorbairt, dhéanfaí iarracht leis an tionscadal freisin Cruinnithe Saineolaithe i réimse CI a óstáil roimh chruinnithe na Stát is Páirtithe de réir mar ba ghá ach, ach i gcás ar bith, le trí huaire.

Ag tógáil ar rath na n-imeachtaí san am atá caite, d'fhéachfaí, le linn na n-imeachtaí sin ar leibhéil an deartha, an bhainistithe agus an chur chun feidhme, ar phróiseas cuimsitheach ina gcuirfí san áireamh na riachtanais agus na dearcthaí éagsúla ag mná, cailíní, buachaillí agus fir a tháinig slán ó phléascadh mianach frithphearsanra, riachtanais agus dearcthaí na bpobal atá buailte ag mianaigh agus an phobail a bhíonn ag plé le cearta daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear marthanóirí mianaigh i gceantair thuaithe agus iargúlta. D'áiritheodh sé sin breisluach sna hiarrachtaí atá á ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta.

Dhéanfadh ISU agus an Stát tairbhíoch is Páirtí na hIdirphléití a eagrú agus a éascú; agus, i gcás inarb ábhartha, dhéanfaí sin leis an eagraíocht idir-rialtasach réigiúnach a chomhurraigh an t-idirphlé. De mheon an chomhair ba dhlúth agus inneach don Choinbhinsiún, bheadh eintitis ábhartha de chuid an Aontais, na Ballstáit ábhartha, an Coiste um Chúnamh d'Íospartaigh agus an Coiste um Chomhar agus Chúnamh a Fheabhsú, Ionadaithe Deontóirí, Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear an EDS agus Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta imréitigh mianach, ICRC agus geallsealbhóirí eile amhail an Feachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc (ICBL) agus eagraíochtaí is comhaltaí amhail HI rannpháirteach. Dá n-éireodh urraíocht as an rannpháirtíocht sin, bheadh an rannpháirtíocht sin faoi réir na gcoinníollacha a bheidh le forbairt sa ráiteas tionchair bhuiséadaigh.

Féadfar dul i mbun gníomhaíochtaí leantacha arna dtacú ag ISU mar fhreagairt ar mholtaí ar toradh iad ar na hidirphléití nó a eascraíonn as barúlacha ábhartha an Choiste agus/nó as cinneadh ábhartha na Stát is Páirtithe (e.g. cinntí maidir le hiarrataí ar shíneadh). D'áireofaí air sin urraíocht ar chleachtóirí ábhartha cúnaimh d'íospartaigh agus/nó ionadaithe d'eagraíochtaí marthanóirí mianach chun páirt a ghlacadh i gcuairteanna malartaithe teicniúla nó chun freastal ar chruinnithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla den Choinbhinsiún. Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina mbeadh na Ballstáit is tairbhithe rannpháirteach i gcomhghuaillíochtaí nó i gcomhpháirtíochtaí leis an Aontas nó leis na Ballstáit, d'oibreodh ISU ar dhóigh chomhbheartaithe leis an eintiteas nó le gach páirtithe.

2.3. Torthaí

— Méadaítear ar eolas ionadaithe stáit ar an gcaoi is fearr chun freagairt ilearnála a áirithiú chun a n-oibleagáidí maidir le cúnamh d'íospartaigh a chur chun feidhme, an cúnamh d'íospartaigh a chomhtháthú i mbeartais, pleananna agus creata dlí náisiúnta níos leithne.

— Gnóthaíonn roinnt stát tuiscint ar an ngá atá lena áirithiú go sanntar eintiteas rialtais ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhtháthú an chúnaimh d'íospartaigh i gcreataí níos leithne, agus ar an ngá atá le plean gníomhaíochta a fhorbairt atá bunaithe ar chuspóirí sonracha, intomhaiste, réadúla agus atá faoi cheangal ama chun tacú le híospartaigh mianach.

— I ndiaidh ghníomhaíochtaí an tionscadail méadaíonn stáit ar an gcuimsiú ina gcur chuige i leith cúnamh d'íospartaigh, go háirithe trí rannpháirtíocht eagraíochtaí um chearta marthanóirí mianach nó eagraíochtaí um chearta daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh nó an rannpháirtíocht sin a mhéadú sa phleanáil náisiúnta agus mar chuid de thoscaireachtaí.

— Foghlaimíonn ionadaithe stáit faoi dhúshláin agus faoi bhearnaí i ndáil lena dtiomantais faoi OAP a chur chun feidhme agus déanann siad meastóireacht, go háirithe, ar a seasamh i ndáil le táscairí OAP.

— Bunaithe ar na hIdirphléití, breithníonn ionadaithe stáit an t-athbhreithniú, an nuashonrú nó an fhorbairt ar a straitéisí náisiúnta maidir le daoine faoi mhíchumas.

— I ndiaidh ghníomhaíochtaí an tionscadail déanann eagraíochtaí marthanóirí mianach agus eagraíochtaí um chearta daoine faoi mhíchumas tuilleadh forbartha ar a n-acmhainneachtaí agus/nó cumhachtaítear iad.

— Déanann ionadaithe stáit acmhainneachtaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar thuairisciú OAP faoin treoir tuairisciúcháin.

— Déanann Stáit agus eagraíochtaí ionadaíocha íospartach comhpháirtíochtaí a mhéadú le pobail ábhartha dhaonnúla, cothaithe síochána, forbartha agus pobail um chearta an duine agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe á chur san áireamh.

2.4. Tairbhithe

— Mná, cailíní, buachaillí, agus fir arna ngortú le mianaigh frithphearsanra agus iarsmaí pléascacha cogaidh eile i Stáit is Páirtithe ina bhfuil íospartaigh mianach, lena n-áirítear marthanóirí mianiagh i gceantair thuaithe agus iargúlta.

— Saineolaithe ar chúnamh d'íospartaigh ag obair ar shaincheisteanna a bhaineann le cúnamh d'íospartaigh.

— Cleachtóirí ar son cearta daoine faoi mhíchumas a bhíonn ag obair i stáit ina bhfuil líon suntasach marthanóirí mianach.

Tionscadal 3: Tacú le hiarrachtaí maidir le huiliú agus noirm an Choinbhinsiúin a chur chun cinn

3.1. Cuspóir

Go mbogfaidh stáit nach páirtithe iad níos gaire d'aontachas agus go n-éireoidh dáimh i measc oifigigh ábhartha leis an gCoinbhinsiún agus/nó leis an norm idirnáisiúnta in aghaidh mianaigh fhrithphearsanra.

3.2. Tuairisc

I nDearbhú Osló maidir le Domhan Saor ó Mhianaigh, tugann na stáit gealltanas na noirm a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún "a chur chun cinn agus a chosaint", agus chun "gach dícheall a dhéanamh an Coinbhinsiún a uiliú, bunaithe ar a gcuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine".

Sainaithnítear i bPlean Gníomhaíochta Osló (OAP) dhá ghníomhaíocht chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar bhallraíocht sa Choinbhinsiúin agus go neartófar noirm an Choinbhinsiúin. Le Gníomhaíochtaí OAP 11 agus 12, iarrtar ar na Stáit is Páirtithe na bealaí uile atá ar fáil a úsáid chun "daingniú an Coinbhinsiúin agus/nó aontachas leis a chur chun cinn ag stáit nach páirtithe iad lena n-áirítear trína rannpháirtíocht in obair an Choinbhinsiúin a spreagadh" agus "chun leanúint de chomhlíonadh uilechoiteann noirm agus chuspóirí an Choinbhinsiúin a chur chun cinn".

Chuige sin, agus le hionchur ó Uachtarán an Choinbhinsiúin agus ón ngrúpa neamhfhoirmiúil um uiliú, i gcás inarb ábhartha, dhéanfadh an tionscadal iarrachtaí éagsúla ar mhaithe leis an uiliú. D'áireofaí leo sin cuairteanna ardleibhéil, cruinnithe teicniúla agus/nó ceardlanna, urraíocht ar oifigigh ábhartha ó na spriocstáit chun freastal ar chruinnithe an Choinbhinsiúin, agus cruinnithe ar leibhéal ambasadóirí i gceanncheathrú na Náisiún Aontaithe nó in aon cheann dá bhfo-cheanncheathrúna réigiúnacha.

Dhéanfaí cúig ghníomhaíocht ar a laghad le tacaíocht ó chomhphobal an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear ó Bhallstáit an Aontais agus ó thoscaireachtaí an Aontais sna spriocstáit. Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina bhfuil an tAontas nó na Ballstáit páirteach i gcomhghuaillíocht tíortha nó i gcomhpháirtíochtaí i spriocstáit, d'oibreodh ISU ar bhealach comhbheartaithe leis an eintiteas nó leis an mBallstát.

Nuair ba indéanta, tar éis an chur chuige pholaitiúil ardleibhéil reáchtálfaí ceardlanna teicniúla a bheadh bunaithe ar ionchur ó shaineolaithe ó na stáit atá ar thús cadhnaíochta i dtaca le hiarrachtaí um uiliú, an Feachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc (ICBL), Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), Foirne Tíre na Náisiún Aontaithe agus/nó eagraíochtaí ábhartha. Chuirfí na ceardlanna sin ar siúl ar leibhéal náisiúnta, fo-réigiúnach nó réigiúnach in éineacht le haireacht nó aireachtaí, le hinstitiúid nó institiúidí na spriocstát. Dhéanfaí iarracht leis an tionscadal toscairí ábhartha a urrú ó spriocstáit chun freastal ar chruinnithe an Choinbhinsiúin. D'áiritheofaí ar an gcaoi sin go bhféadfadh na Stáit is Páirtithe obair leantach a dhéanamh le spriocstáit, agus go mbeadh na spriocstáit fós ag faire amach do chruinnithe an Choinbhinsiúin. Dhéanfadh an ISU urraíocht den chineál sin a chomhordú mar a cheadaítear faoin ráiteas tionchair bhuiséadaigh.

Ina theannta sin, dhéanfadh ISU cruinniú teicniúil um "obair leantach" ar leibhéal náisiúnta, fo-réigiúnach nó réigiúnach a óstáil le stát nár díríodh air cheana le Cinneadh ón Aontas nó le Gníomhaíocht Chomhpháirteach ón Aontas.

3.3. Torthaí

— Faigheann cinnteoirí i stáit nach páirtithe iad eolas níos mó ar an gCoinbhinsiún agus ar noirm an Choinbhinsiúin agus/nó eolas ar an tacaíocht atá ar fáil le haghaidh aontachais.

— Faigheann oifigigh stáit ábhartha tuiscint níos fearr ar obair an Choinbhinsiúin.

— Stáit nach bhfuil ina bpáirtithe go poiblí cuireann siad in iúl rapprochement nó dáimh leis an gCoinbhinsiún agus na noirm a ghabhann leis (e.g. freastal ar chruinniú foirmiúil nó neamhfhoirmiúil den Choinbhinsiún).

— Mar thoradh ar na misin, cuirtear dlús le gníomhaíocht náisiúnta maidir le mianaigh agus/nó spreagtar arís geallsealbhóirí san uiliú chun an t-uiliú sin a éileamh.

— Cuirtear ról an Aontais maidir leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn i dtreis i measc phobal an Choinbhinsiúin, oifigigh an Aontais féin agus stáit nach páirtithe iad.

— Soláthraíonn ar a laghad spriocstát amháin nach páirtí é tuarascáil dheonach Airteagal 7.

3.4. Tairbhithe

— Stáit nár dhaingnigh, nár fhormheas, nár ghlac an Coinbhinsiún go fóill nó nár aontaigh dó.

— Stáit is Páirtithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha atá páirteach in iarrachtaí uiliú an Choinbhinsiúin a chur chun cinn.

— Mná, cailíní, buachaillí agus fir sna stáit sin ina gcuirtear cosc ar mhianaigh thalún i bhfeidhm.

Tionscadal 4: Tacaíocht do mhalartaí a thabhairt de rogha ar mhianaigh fhrithphearsanra bheo a úsáid le haghaidh oiliúna (Airteagal 3 den Choinbhinsiún) agus comhar agus cúnamh méadaithe (Airteagal 6)

4.1. Cuspóir

Stáit a choinníonn mianaigh frithphearsanra chun críoch a cheadaítear, gníomhóidh siad maidir le Gníomhaíochta OAP 16, lena n-áirítear trí thuairisciú a mhéadú, agus le Gníomhaíocht OAP 17 trí iniúchadh a dhéanamh ar roghanna eile seachas mianaigh fhrithphearsanra bheo.

4.2. Tuairisc

Tá 66 Stát is Páirtí ann faoi láthair agus tá níos mó ná 150 000 mianach frithphearsanra á gcoinneáil acu chun críoch a cheadaítear faoi Airteagal 3 den Choinbhinsiún. Cé go léiríonn faisnéis a fuarthas ó Stáit is Páirtithe go bhfuil an líon sin ag laghdú, le blianta fada anuas níor chuir ach dornán beag Stáit is Páirtithe faisnéis trédhearcachta bhliantúil isteach maidir lena mianaigh frithphearsanra ar coinneáil.

Chun tacú leis na Stáit is Páirtithe ar mian leo gníomhú ar Ghníomhaíochtaí 16 agus 17 OAP, le hionchur ó Uachtarán an Choinbhinsiúin, thacódh an tionscadal atá beartaithe le seimineár náisiúnta nó réigiúnach dá n-iarrfadh dhá Stát ar a laghad cúnamh den sórt sin. Is féidir le Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear na Ballstáit, agus eagraíochtaí ábhartha ceachtanna a foghlaimíodh agus treochláir a chur ar fáil in ionad mianaigh frithphearsanra bheo a úsáid le haghaidh oiliúna. Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina bhfuil an tAontas nó na Ballstáit páirteach i gcomhghuaillíocht tíortha nó i gcomhpháirtíochtaí le stáit is tairbhithe, d'oibreodh ISU ar bhealach comhbheartaithe leis an eintiteas sin nó leis an mBallstát sin.

Thacódh an tionscadal freisin le ceardlann theicniúil maidir le roghanna eile seachas mianaigh bheo fhrithphearsanra a úsáid. Aon uair is ábhartha agus/nó aon uair is indéanta, d'iarrfaí ar Bhallstáit an Aontais agus ar Stáit eile is Páirtithe na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt maidir le roghanna eile le haghaidh oiliúna agus taighde, agus/nó maidir le díothú na mianach frithphearsanra atá á gcoinneáil, rud a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar an gcomhar agus ar an gcúnamh i measc phobal an Choinbhinsiúin. Chuige sin, ghlacfadh an Coiste um Chomhar Comhlíontachta, agus an Coiste um Chomhar agus Cúnamh a Fheabhsú páirt.

4.3. Torthaí

— Méadaíonn na Stáit is Páirtithe a dtuairisciú ar Airteagal 3 den Choinbhinsiún i dtuarascálacha bliantúla trédhearcachta.

— Na Stáit is Páirtithe ar féidir leo, comhoibríonn siad leis na Stáit is Páirtithe ar mian leo gníomhú maidir le gealltanais Airteagal 3, agus maidir le Gníomhaíochtaí OAP 16 agus 17 agus tugann siad cúnamh dóibh.

— Gnóthaíonn Stáit is Páirtithe a bhfuil líon mór mianaigh fhithphearsanra ar coinneáil acu eolas cothrom le dáta, le tús déanta ag Stát is Páirtí amháin ar a laghad maidir le roghanna eile a úsáid le haghaidh oiliúna.

4.4. Tairbhithe

— Stáit is Páirtithe a bhfuil gealltanais tugtha acu faoi Airteagal 3.

— Oifigigh Stáit atá freagrach as cláir oiliúna um imréiteach mianach.

— Mná, cailíní, buachaillí agus fir i Stáit is Páirtithe ina ndéantar mianaigh frithphearsanra ar coinneáil a dhíothú.

Tionscadal 5: Tiomantas an Aontais agus a mBallstát a léiriú agus a n-infheictheacht a áirithiú

5.1. Cuspóir

Go mbeidh tuiscint ag pobal an Choinbhinsiúin agus ag stáit is tairbhithe ar rannchuidiú an Aontais agus a Bhallstát le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin; agus go mbeidh oifigigh de chuid an Aontais agus oifigigh a mBallstát feasach ar an gCinneadh agus ar an mbaint a d'fhéadfadh a bheith aige lena gcuid oibre.

5.2. Cur síos

De réir mar ab amhlaidh i gcás na gCinntí ón gComhairle agus na Gníomhaíochta Comhpháirtí a bhí ann roimhe seo, ghabhfadh an ISU de chúram air féin aird a tharraingt ar ról an Aontais agus na mBallstát i measc chomhphobal an Choinbhinsiúin agus sna Stáit is tairbhithe agus sna spriocstáit. Chuige sin agus faoin bPlean Cumarsáide agus Infheictheachta, thionólfadh ISU, agus seisiúin faisnéise thráthrialta, go háirithe le linn chruinnithe an Choinbhinsiúin i rith chéim chur chun feidhme an Tionscadail agus thionólfadh sé imeacht clabhsúir.

Chuirfeadh ISU feachtais san meáin ar siúl agus scaipfeadh sé foilseacháin ina gcuirfí a raibh bainte amach ag an gCoinbhinsiún chun cinn. D'áiritheodh ISU gur cuireadh i dtreis ról an Aontais san fheachtas sin.

De réir mar a bunaíodh sa chleachtas roimhe seo, chuirfeadh ISU tuarascálacha insinte míosúla faoi bhráid an Aontais agus tuarascálacha ráithiúla faoin bhráid Aontais agus faoi bhráid na mBallstát maidir le cur chun feidhme an tionscadail.

5.3. Torthaí

— Bheadh oifigigh de chuid an Aontais agus oifigigh a Bhallstáit feasach ar an gCinneadh seo agus ar an mbaint a d'fhéadfadh a bheith aige lena gcuid oibre.

— Chuirfí tiomantas an Aontais agus na mBallstát don Choinbhinsiún agus do ghníomhú ginearálta i leith mianach os comhair na Stát is Páirtithe agus daoine ar fud an domhain ar spéis leo slándáil an duine.

— Neartófaí feasacht ar chuspóirí an Choinbhinsiúin i measc an chomhphobail idirnáisiúnta.